GOBIERNO DE ESPAÑA MINISTERIO DE SANIDAD

Mi salud @ la UE
Infraestructura de servicios digitales de salud en línea
Un servicio de la Unión Europea

# FAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH A THUGANN CUAIRT AR AN SPÁINN

## Sa doiciméad seo, soláthraítear faisnéis do shaoránaigh faoin gcaoi a ndéantar a gcuid sonraí sláinte pearsanta a phróiseáil agus iad ag iarraidh go ndáilfear sa Spáinn táirge a ordaíodh sa tír lena mbaineann siad féin

Soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas chun na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar síos i Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), i dtaobh saoránaigh a chur ar an eolas faoi phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta.

### Cad é an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r- Shláinte?

Tá an Bonneagar Seirbhísí Digiteacha r- Shláinte (eHDSI) ina chuid den tseirbhís MyHealth@EU, lena gcuirtear bealach slán simplí ar fáil do shaoránaigh den Aontas chun a gcuid sonraí sláinte pearsanta a tharchur go leictreonach chuig Ballstáit eile nuair a bheidh cúram sláinte, lena n-áirítear seirbhísí cógaisíochta, ag teastáil uathu agus iad ar an gcoigríoch. Déantar na sonraí a sholáthar do ghairmithe sláinte i dtíortha den Aontas Eorpach (AE) ina dtugtar cúnamh don saoránach nó ina bhfaigheann an saoránach seirbhísí cógaisíochta. Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le dlíthe na tíre ina bhfuil cúram sláinte á lorg, an Spáinn sa chás seo.

### An chatagóir sonraí a ndéanaimid próiseáil orthu

Le hordú ríomhoidis agus ríomhdháileadh tríd an tseirbhís MyHealth@EU, is féidir cógas a ordaíonn gairmí cúraim sláinte sa tír lena mbaineann tú féin a dháileadh in aon chógaslann sa Spáinn. Cuimsítear sa ríomhoideas na sonraí agus an fhaisnéis go léir is gá i gcomhair dáileadh shábháilte, amhail sonraí lena sainaithnítear an t-oideasóir, an t-othar agus an táirge atá á ordú. Cuimsítear le ríomhdháileadh faisnéis faoin táirge atá á dháileadh.

Tá an fhaisnéis sin ar fáil a mhéid is go ndearna do thír féin do shonraí pearsanta a thaifeadadh agus a sholáthar i bhfoirm leictreonach roimhe seo. Más mian leat, is féidir leat dul i gcomhairle leis an soláthraí seirbhíse i do thír féin.

### Cad chuige a dhéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil?

Déanfaidh gairmithe i gcógaslanna sa Spáinn próiseáil ar na sonraí sláinte pearsanta atá i do ríomhoideas a eisíodh sa tír lena mbaineann tú, ionas go ndéanfar na cógais a ordaíodh a dháileadh ar a iarraidh sin duit. Déanfaidh an chógaslann an fhaisnéis maidir le ríomhdháileadh a stóráil ar feadh tréimhse 3 mhí agus déanfaidh córais faisnéise na seirbhíse sláinte uathrialaí í a stóráil ar feadh na tréimhse is gá i gcomhair chomhlíonadh na bhforálacha a leagtar síos i bhForaithne Reachtach Ríoga 1/2015 an 24 Iúil 2015 agus i bhForaithne Ríoga 1718/2010 an 17 Nollaig 2010 maidir le hoidis liachta agus orduithe um dháileadh.

In imthosca eisceachtúla, i gcás ina mbeidh bunús dlí ann le déanamh amhlaidh (e.g. imscrúdú leanúnach ar chion, sláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht, staidreamh, etc., arb é is aidhm leo feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim), coimeádfaimid do chuid sonraí a fhad is gá.

**Cé a bheidh in ann do chuid sonraí a rochtain?**

Beidh rochtain ag gairmithe cógaisíochta, a bhfuil dualgas rúndachta gairmiúla orthu, ar do shonraí sláinte pearsanta. Tá ár ngairmithe feasach, oilte agus údaraithe go cuí agus ní bheidh siad in ann do chuid sonraí a rochtain ach amháin chun cúraimí a dhéanamh a bhaineann le dáileadh agus le comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn as dáileadh, sin nó a leagtar síos sa dlí ar shlí eile.

Déanfar na sonraí atá i do ríomhoideas a aistriú trí thairseach shlán a sholáthraíonn an Pointe Teagmhála Náisiúnta le haghaidh cúram sláinte trí mheán leictreonach (r-shláinte) a ainmníonn gach tír. I gcás na Spáinne, is í an Aireacht Sláinte a fheidhmíonn an tairseach theicniúil a bhfaighimid do chuid sonraí tríthi, agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh an Aireacht Sláinte an fhaisnéis a tharchur chuig an tseirbhís sláinte sa réigiún den Spáinn ina bhfuil an chógaslann a dtéann tú chuici chun an cógas a ordaíodh duit a bhailiú. Tarchuirfidh an tseirbhís sin í chuig an gcógaslann ábhartha. Tá na comhaontuithe is gá sínithe ag an Aireacht agus ag na réigiúin araon chun ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh.

Níl an Aireacht Sláinte freagrach as na sonraí sláinte pearsanta a phróiseálann na seirbhísí sláinte sna réigiúin éagsúla.

Is í an chógaslann ina mbaileoidh tú an cógas a ríomhordaíodh duit atá freagrach as do chuid sonraí sláinte pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch a luaitear thuas.

**Bunús dlí maidir le do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is é Treoir 2011/24/AE maidir le cúram sláinte trasteorann an bunús dlí chun do ríomhoideas agus do ríomhdháileadh a phróiseáil, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir sin agus i reachtaíocht na Spáinne lena ndéantar í a thrasuí: Foraithne Ríoga 81/2014 an 7 Feabhra 2014 chun go gcomhlíonfar an oibleagáid dhlíthiúil atá ar Stát na Spáinne foráil a dhéanamh maidir le haitheantas frithpháirteach do ríomhoidis idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus maidir le leanúnachas an chúraim sláinte trasteorann do shaoránaigh den Aontas.

Is féidir sonraí sláinte pearsanta a bhaineann le ríomhoideas agus ríomhdháileadh sa Spáinn a phróiseáil chun ardchaighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a áirithiú i leith seirbhísí cúraim sláinte agus seirbhísí cógaisíochta, agus is gairmí atá faoi dhualgas rúndachta gairmiúla a dhéanann é sin. Féadfar na sonraí a phróiseáil freisin ar mhaithe le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí nó nuair is gá sin chun críoch cartlannú ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó taighde stairiúil nó chun críoch staidrimh. Cuirfear i bhfeidhm i gcónaí na bearta teicniúla agus slándála dá bhforáiltear sa Chreat Slándála Náisiúnta (Foraithne Ríoga 3/2010 an 8 Eanáir 2010 lena rialaítear an Creat Slándála Náisiúnta sa réimse ríomhrialtais).

Déanfar do chuid sonraí a phróiseáil i gcónaí i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas: Airteagal 6(1)(c), (d) agus (e) agus Airteagal 9(2)(h), (i) agus (j) de RGCS agus Foráil Fhorlíontach 17 de Bhundlí 3/2018 an 5 Nollaig 2018 maidir le cosaint sonraí agus ráthaíochtaí um chearta digiteacha.

**Cá háit a stóráiltear do chuid sonraí agus cén tréimhse a bhíonn i gceist?**

Stórálann seirbhísí sláinte na réigiún sonraí sláinte pearsanta agus stóráiltear i gcógaslanna iad. Tá stóráil do shonraí pearsanta sláinte sa Spáinn faoi réir Airteagail 7, 11 agus 8 d'Fhoraithne Ríoga 1718/2010 an 17 Nollaig 2010 maidir le hoidis liachta agus orduithe dáileacháin agus trí reachtaíocht a chur chun feidhme sna réigiúin. Stóráiltear iad sa chógaslann ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí. Féadfar tréimhsí stórála níos faide a chur i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó chun críoch staidrimh, agus sna cásanna sin beidh feidhm ag bearta iomchuí chun príobháideachas a chosaint, amhail anaithnidiú sonraí pearsanta.

GOBIERNO DE ESPAÑA | MINISTERIO DE SANIDAD

Mi salud @ la UE
Infraestructura de servicios digitales de salud en línea
Un servicio de la Unión Europea

**Do chearta**

Féadfaidh tú do chearta rochtana, ceartúcháin, léirscriosta, agóide agus srianta ar phróiseáil a fheidhmiú, i gcás inarb infheidhme, os comhair an rialaitheora náisiúnta nó rialaitheoir an réigiúin ina ndearnadh an dáileadh duit, sin nó os comhair an rialaitheora sa tír inar eisíodh an ríomhoideas duit. Chun déanamh amhlaidh, ba cheart duit litir a sheoladh san fhoirm a thaispeánfaidh an rialaitheoir duit nó trí úsáid a bhaint as an bhfoirm atá ar fáil ar an suíomh gréasáin i gcás na Spáinne. Tugtar sonraí teagmhála thíos le haghaidh na rialaitheoirí náisiúnta agus rialaitheoirí na bPobal Féinrialaitheach.
Tá an ceart agat an méid seo a dhéanamh:

a) do chuid sonraí a rochtain tráth ar bith trí iarraidh a chur faoi bhráid an rialaitheora,
b) aon sonraí míchruinne a cheartú,
c) próiseáil do chuid shonraí a shrianadh nó agóid a dhéanamh ina coinne ar fhorais a bhaineann le do chás áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 21 de RGCS.
d) gearáin nó iarrataí a thaisceadh le húdarás maoirseachta na Spáinne ( Agencia Española de Protección de Datos [Gníomhaireacht na Spáinne um Chosaint Sonraí]) i gcás nár éirigh le do chuid iarrachtaí do chearta a fheidhmiú, nó iad a thaisceadh leis na húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí seo a leanas.
e) leigheas breithiúnach éifeachtach a lorg in aghaidh rialaitheora nó próiseálaí,
f) cúiteamh a lorg agus dliteanas a shuíomh de réir Airteagal 82 de RGCS.

Is féidir a thuilleadh faisnéise faoi aon ghné de chúram sláinte trasteorann a fháil ó Phointe Teagmhála Náisiúnta na Spáinne tríd an nasc seo a leanas: https://www.sanidad.gob.es/pnc/ciudadanoEsp/home.htm
Tá faisnéis faoi ghearáin le fáil ag an nasc seo: https://www.sanidad.gob.es/pnc/ciudadanoEsp/infReparRecl.htm

**Sonraí teagmhála an rialaitheora**

**Ar an leibhéal réigiúnach**
Ba cheart duit dul i dteagmháil le Seirbhís Sláinte do Phobail Fhéinrialaithigh nó INGESA
**https://www.sanidad.gob.es/organizacion/ccaa/directorio/home.htm**

**Ar an leibhéal náisiúnta**
An Aireacht Sláinte, An Ard- Fhostiúrthóireacht um Fhaisnéis Sláinte,
Paseo del Prado 18-20, 28014 Madrid.
Ríomhphost: delegadoprotecciondatos@sanidad.gob.es

Foirm idirlín chun cearta a fheidhmiú:
https://www.sanidad.gob.es/servCiudadanos/proteccionDatos/docs/Formulario_DPD_MSCBS.pdf

Deireadh an doiciméid